



2009. S72T

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2009

## OIDEACHAS SAORÁNACH, SÓISIALTA AGUS POLAITIÚIL

DÉ LUAIN, 8 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA, 1.30 – 3.00

Uimhir an Ionaid

Scrúduimhir

### TREORACHA

1. Déan deimhin de go scríobhann tú do scrúduimhir sa bhosca thuas.
2. Freagair **gach ceist** i Roinn 1 (18 marc)  
Freagair **trí cheist ar bith** i Roinn 2 (42 mharc)  
Freagair **ceist amháin ar bith** i Roinn 3 (20 marc)  
Iomlán (80 marc)
3. Scríobh do chuid freagraí sna spásanna atá ann dóibh.
4. Tabhair an páipéar seo ar ais ag deireadh an scrúdaithe.

Don scrúdaitheoir		
	Ceist	Marc
Roinn 1	C1	
	C2	
	C3	
Roinn 2	C1	
	C2	
	C3	
	C4	
Roinn 3	C1	
	C2	
	C3	
	C4	
IOMLÁN		
Iomlán na n-iomlán bunleathanaigh		
Bónasmharc d'fhreagairt trí Ghaeilge		
MÓRIOMLÁN a bronnadh má tá bónasmharc don Ghaeilge san áireamh		

## ROINN 1

**Freagair GACH ceist sa roinn seo.**

1. Grianghraif iad seo a leanas de **CHEATHRAR** gníomhaithe ar son chearta an duine. Ag úsáid an spáis atá ann dó, meaitseáil ainm gach gníomhaí leis an ngníomhaíocht ar son chearta an duine a bhfuil siad rannpháirteach ann.

**Ná húsáid AINM ná GNÍOMHAÍOCHT ar leith ach AON UAIR AMHÁIN.**

Aung San Suu Kyi

Nelson Mandela

Adi de Róiste

Bono

- Ag agóidíocht go síochánta ar son Chearta an Duine i mBurma
- Ag tabhairt aire do pháistí in Chernobyl
- Ar fheachtas in éadan Fiacha Domhanda
- Ag obair ar son an daonlathais san Afraic.



Ainm: \_\_\_\_\_

Gníomhaíocht: \_\_\_\_\_



Ainm: \_\_\_\_\_

Gníomhaíocht: \_\_\_\_\_



Ainm: \_\_\_\_\_

Gníomhaíocht: \_\_\_\_\_



Ainm: \_\_\_\_\_

Gníomhaíocht: \_\_\_\_\_

(8 marc)

## 2. Coincheapa an Chúrsa OSSP

Tá OSSP bunaithe ar **sheacht** gcoincheap, mar atá liostaithe thíos. Le hais gach coincheapa, scríobh **SAINÁBHAR** nó **TOPAIC** amháin síos a bhaineann leis an gcoincheap sin. Níl cead agat leas a bhaint as gach sainábhar nó as gach topaic ach **AON UAIR AMHÁIN**.

Cearta agus Freagrachtaí: \_\_\_\_\_

Dínit Dhaonna: \_\_\_\_\_

Stíobhardacht: \_\_\_\_\_

Forbairt: \_\_\_\_\_

Daonlathas: \_\_\_\_\_

Dlí: \_\_\_\_\_

Imspleáchas: \_\_\_\_\_

(7 marc)

## 3. Comhlánaigh gach ceann de na habairtí seo a leanas.

(a) Tagann Dáil Éireann and Seanad Éireann le chéile i dT \_\_\_\_\_  
L \_\_\_\_\_.

(b) Bíonn gá le reifreann má theastaíonn ón Rialtas an B \_\_\_\_\_  
a athrú.

(c) Tá 13 bhall tofa ag Éirinn i bP \_\_\_\_\_ na hE \_\_\_\_\_.  
(3 mharc)

## ROINN 2

**Freagair TRÍ cinn ar bith de na ceisteanna uimhrithe 1, 2, 3, 4  
thíos.**  
**Tá 14 mharc ag gabháil le gach ceist.**

### 1. AN LÁ BAIN CASADH AS

Breathnaigh ar an mbróisiúr *An Lá Bain Casadh As* atá prioritálte ar leathanach ar leith (leathanach 1).

Ar bharr an leathanaigh léifidh tú *An Lá Bain Casadh As* – bróisiúr le haghaidh Roinn 2, Ceist 1.

Tar éis duit breathnú ar an mbróisiúr seo, freagair na ceisteanna thíos.

- (a) Cén ócáid é *An Lá Bain Casadh as*?

Cén fáth ar tionscadal speisialta é *An Lá Bain Casadh as*?

Cad a iarrtar go háirithe ar eagraíochtaí a dhéanamh ar *An Lá Bain Casadh as*?

(3 mharc)

- (b) Óna bhfuil d'eolas sa bhróisiúr, ainmnigh **DHÁ** ghníomhaíocht shaorálaíocha atá déanta ag daoine.

Gníomhaíocht a haon \_\_\_\_\_

Gníomhaíocht a dó \_\_\_\_\_

(2 mharc)

- (c) Óna bhfuil d'eolas sa bhróisiúr tabhair **DHÁ** chúis a mbeadh daoine rannpháirteach i gcúrsaí saorálaíochais.

Cúis a haon \_\_\_\_\_

Cúis a dó \_\_\_\_\_

(2 mharc)

- (d) Ainmnigh agus déan cur síos ar thionscadal saorálaíoch (gan ceann atá liostaithe sa bhróisiúr a bheith san áireamh) a bhféadfadh **AN RANG OSSP AGATSA** tabhairt faoi mar chuid d'imeachtaí an lae seo.

Ainm an Tionscadail: \_\_\_\_\_

Cur síos: \_\_\_\_\_  
\_\_\_\_\_

(3 mharc)

- (e) Ag láinseáil an TascFhórsa um Shaoránacht Ghníomhach dó, dúirt Bertie Ahern, a bhí ina Thaoiseach ag an am:

*"Is é is saoránach gníomhach ann domsa ná saoránach a thuigeann a bhfuil ar siúl timpeall air agus a dhéanann a dhícheall ar son leas an phobail. Is é atá i gceist ná go nglactar freagracht as cúnamh a thabhairt do dhaoine eile agus as bheith toilteanach cúnamh a thabhairt chun caighdeán beatha na ndaoine sin nach bhfuil chomh maith as linn féin a fheabhsú."*

An aontaíonn tú leis an dearcadh seo? Mínigh do fhreagra.

---

---

---

---

---

---

---

(4 mharc)

**2. Comóradh 60 bliain Dhearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine**

**Breathnaigh ar chárta poist DUCD @ 60, atá prioritálte ar leathanach ar leith (leathanach 2).**

**Ar bharr an leathanaigh léifidh tú DUCD @ 60 – Cárta Poist le haghaidh Roinn 2, Ceist 2.**

**Tar éis duit breathnú ar an gCárta Poist seo, freagair na ceisteanna thíos.**

- (a) Cén dáta ar ghlac náisiúin an domhain le Dearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine?

---

Cé mhéad alt atá sa dearbhú seo?

---

Cén eagraíocht atá ag cur fheachtas an chárta poist seo chun cinn?

---

(3 mharc)

- (b) Cad dó a dtagraíonn an tríocha focal daite ar an gcárta poist?

---

(1 mharc)

- (c) Roghnaigh dhá fhocal as an tríocha focal daite ar an gcárta poist agus mínígh an ceart atá i gceist le gach ceann den dá cheann.

An Chéad Fhocal: \_\_\_\_\_

Míniú: \_\_\_\_\_

An Dara Focal: \_\_\_\_\_

Míniú: \_\_\_\_\_

(2 mharc)

- (d) Teastaíonn ón **RANG OSSP AGATSA** ócáid a eagrú chun Comóradh DUCD @ 60 a cheiliúradh.

Déan cur síos ar an ócáid agus scríobh mana dó.

Cur síos ar an ócáid \_\_\_\_\_  
\_\_\_\_\_

Mana: \_\_\_\_\_  
(4 mharc)

- (e) Ainmnigh agus mínigh **DHÁ** ghníomh a d'fhéadfadh **AN SCOIL AGATSA** a dhéanamh chun aird an phobail a dhíriú ar dhaoine a bhfuil a gcearta á ndiúltú dóibh.

An Chéad Ghníomh:

\_\_\_\_\_

Míniú: \_\_\_\_\_  
\_\_\_\_\_  
\_\_\_\_\_

An Dara Gníomh:

\_\_\_\_\_

Míniú: \_\_\_\_\_  
\_\_\_\_\_  
\_\_\_\_\_

(4 mharc)

**3. NODA Ó CHANGE.IE**

**Breathnaigh ar *Noda ó Change.ie* – faisnéis ó shuíomh gréasáin atá prioritálte ar leathanach ar leith (leathanach 3).**

**Ar bharr an leathanaigh léifidh tú *Noda ó Change. ie* – Faisnéis ó Shuíomh Gréasáin le haghaidh Roinn 2, Ceist 3.**

**Tar éis duit breathnú ar an bhfaisnéis seo, freagair na ceisteanna thíos.**

- (a) Ón eolas ar an suíomh gréasáin ainmnigh TRÍ rud a d'fhéadfá a dhéanamh le héadaí nach bhfuil ag teastáil níos mó seachas iad a chaitheamh amach.

1. \_\_\_\_\_

2. \_\_\_\_\_

3. \_\_\_\_\_  
(3 mharc)

Cén nod a thugtar ar an suíomh gréasáin maidir le seanfhóin phóca?

\_\_\_\_\_  
(1 mharc)

- (b) Ón eolas ar an suíomh gréasáin, cad é an damáiste is féidir le seanbhatairí a dhéanamh don chomhshaol muna n-athchúrsáiltear iad?

\_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_  
(2 mharc)

- (c) Tá ‘Athchúrsáil’ar cheann amháin de na trí ‘A’nná. Cad iad an dá cheann eile?

A \_\_\_\_\_

A \_\_\_\_\_

(2 mharc)

- (d) Ainmnigh agus déan cur síos ar ghníomh **AMHÁIN** a d'fhéadfadh **AN ROINN COMHSHAOIL** a dhéanamh chun Éireannaigh a spreagadh chun a thuilleadh a athchúrsáil.

Ainm an Ghnímh:

---

Cur síos: \_\_\_\_\_

---

(3 mharc)

- (e) “*D'fhéadfaí breis agus leath dá bhfuil i d'arthach bruscair a athchúrsáil nó múirín a dhéanamh de. Faoi láthair déanaimid níos lú ná an ceathrú chuid dár ndramhaíl tí a athchúrsáil.*”

*You Can Save the Planet* Rick Hough

Cén tuiscint a bhaineann tú as an sliocht seo?

---

---

---

---

(3 mharc)

**4. Iontaobhas Bailecheantair Niall Mellon.**

Breathnaigh ar an mbileog faisnéise *Iontaobhas Bailecheantair Niall Mellon* atá priontáilte ar leathanach ar leith (leathanach 4).

Ar bharr an leathanaigh léifidh tú *Iontaobhas Bailecheantair Niall Mellon* – Bileog Faisnéise le haghaidh Roinn 2, Ceist 4.

Tar éis duit breathnú ar an mbileog faisnéise seo, freagair na ceisteanna thíos.

- (a) Cad a spreag Niall Mellon chun an tIontaobhas seo a chur ar bun?

---

Cén bhliain ar cuireadh Iontaobhas Bailecheantair Niall Mellon ar bun?

---

Cad a dhéanann Iontaobhas Bailecheantair Niall Mellon?

---

(3 mharc)

- (b) Tar éis duit an bhiveog faisnéise a léamh ainmnigh **TRÍ** dhúshlán a bhaineann leis an mbochtaineacht.

Dúshlán a hAon \_\_\_\_\_

Dúshlán a Dó \_\_\_\_\_

Dúshlán a Trí \_\_\_\_\_  

(3 mharc)

- (c) Cén fáth, dar leat, a bhfuil sé tábhachtach do phobail áitiúla bheith rannpháirteach i dtionscadail cosúil le hIontaobhas Bailecheantair Niall Mellon?

---

---

---

(2 mharc)

- (c) Tá múinteoir ón scoil agatsa sásta dá d(h)eoin féin taistéal chun na hAfraice Theas chun tithe a thógáil le hIontaobhas Bailecheantair Niall Mellon. Ainmnigh agus déan cur síos ar ghníomhaíocht tiomsaithe airgid **AMHÁIN** a d'fhéadfadh **AN SCOIL AGATSA** a dhéanamh chun cabhrú leis an múinteoir seo.

Ainm na Gníomhaíochta: \_\_\_\_\_

Cur síos: \_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_ (2 mharc)

- (e) Ainmnigh agus déan cur síos ar **DHÁ** ghníomh eile a d'fhéadfadh **AN POBAL AGAT FÉIN** a dhéanamh chun cabhrú leis an múinteoir seo chun go bhféadfadh sé/sí dul chun na hAfraice Theas.

An chéad ghníomh: \_\_\_\_\_

Cur síos: \_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

An dara gníomh: \_\_\_\_\_

Cur síos: \_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_ (4 mharc)

### ROINN 3

**Freagair CEANN AMHÁIN de na ceisteanna 1, 2, 3, 4 thíos.**  
**Tá 20 marc ag gabháil le gach ceist.**

**Tá leathanach bán le haghaidh ceist na bpóstaer ar chúl an fhreagarleabhair seo.**

**Má tá breis páipéir uait chun an cheist seo a fhreagairt, iarr ar an bhFeitheoir Scrúdaithe é, le do thoil.**

## 1. POBAL NA SCOILE



**Tá beartaithe ag an rang OSSP agatsa leabhrán i dtaobh na scoile a chur le chéile do dhaltaí nua Chéad Bhliana mar Thionscadal Gníomhaíochta a rachadh chun leasa phobal na scoile.**

- (a) Ainmnigh agus déan cur síos ar **THRÍ** ghrúpa a chuirfeadh **AN RANG AGATSA** ar bun chun an Tionscadal Gníomhaíochta seo a dhéanamh. (6 mharc)
- (b) Ainmnigh **CEITHRE** rud éagsúla a chuirfeá sa leabhrán seo agus abair cén fáth a chabharódh siad le daltaí nua Chéad Bhliana a bheidh ag teacht chun do scoilese (8 marc)
- (c) Ainmnigh agus mínigh **DHÁ** scil a d'úsáidfí le linn daoibh a bheith ag cur an leabhrán le chéile. (6 mharc)

## 2. TÉACSBHULAÍOCHT AR AN bhFÓN PÓCA



**Bealach iontach is ea an téacsáil chun teagmháil a choimeád le do chairde agus le do mhuintir ach ar mhí-ádhmharaí an tsaoil is féidir é a úsáid freisin chun bulaíocht a dhéanamh ar dhaoine, chun iad a chiapadh agus chun eagla a chur orthu. Is é a d'fhéadfadh a bheith i gceist le téacsbhulaíocht ná téacsanna a chuireann eagla ort, a mhaslaíonn tú, a chuireann faoi bhagairt tú nó a chuireann míshuaimhneas ort. Tá beartaithe ag an rang OSSP agatsa roinnt oibre a dhéanamh ar an tsaincheist seo.**

- (a) Scríobh alt gairid do nuachtlitir do scoilese ina dtugann tú **TRÍ** phíosa comhairle i dtaobh ar chóir do mhic léinn a dhéanamh má fhaigheann siad téacstheachtaireacht bhulaíochta. (6 mharc)
- (b) Ainmnigh Tionscadal Gníomhaíochta a bhféadfadh **AN RANG OSSP AGATSA** tabhairt faoi ar an gceist seo agus déan cur síos ar **THRÍ** thasc a dhéanfadhbh an rang agatsa mar chuid den ghníomhaíochta seo. (8 marc)
- (c) Ainmnigh agus déan cur síos ar **THRÍ** ghníomh eile a d'fhéadfadh **AN SCOIL AGATSA** a dhéanamh chun cosc a chur le téacsbhulaíocht sa scoil. (6 mharc)

### **3. TOGHCHÁIN ÁITIÚLA**



**Reáchtálfar Toghcháin Áitiúla agus Eorpacha in Éirinn i mbliana. Do bhur dTionscadal Gníomhaíochta tá beartaithe ag an rang OSSP agatsa súil níos grinne a chaitheamh ar na Toghcháin Áitiúla i bhur gceantar trí chuireadh a thabhairt do dhuine de na hiarrthóirí labhairt libh.**

- (a) Déan cur síos ar an obair a leagfadh **TRÍ** fhoireann amach chun tabhairt faoin Tionscadal Gníomhaíochta seo. (6 mharc)
- (b) Ainmnigh **DHÁ** ghné a n-iarrfaí ar an iarrthóir labhairt fúthu agus tabhair cúis a bhfuil gach ceann den dá ghné seo roghnaithe agat. (8 marc)
- (c) Tabhair **TRÍ** chúis a bhfuil sé tábhachtach go gcaithfeadh saoránaigh Éireannacha vóta i dtoghcháin áitiúla. (6 mharc)

### **4. CCTV (Teilifís Ciorcaid Iata)**



Tá sé á bheartú ag an mbaile áitiúil agatsa ceamaraí CCTV (TCI) a shuiteáil mar chuid d'fheachtas chun an choireacht a laghdú i do cheantarsa. Tá suim ag an rang OSSP agatsa sa ghnó, agus tá iarrtha agaibh ar bhur múinteoir an bhfuil cead agaibh Tionscadal Gníomhaíochta a dhéanamh ar an gceist seo.

- (a) Tá beartaithe ag an rang agatsa díospóireacht a dhéanamh ar an topaic, “*Islionn CCTV (TCI) an Choireacht*”, sula dtugann sibh faoin Tionscadal Gníomhaíochta. Scríobh síos argóint **AMHÁIN** ar a shon agus argóint **AMHÁIN** in aghaidh na topaice seo. (6 mharc)
- (b) **AINMNIGH** gníomh amháin a bhféadfaí tabhairt faoi chun a fháil amach conas a bhraitheann mic léinn sa scoil agatsa faoi cheamaraí CCTV (TCI). Ainmnigh **DHÁ** choiste chuirfí ar bun chun an gníomh seo a chur i gcrích. Tar éis daoibh an gníomh seo a chur i gcrích, cad a dhéanfadh sibh lena bhfuil d'eolas faigthe amach agaibh? (8 marc)
- (c) Dear póstaer a d'úsáidfeá chun a thaispeáint do mhic léinn sa scoil agatsa conas a bhraitheann tú faoi cheamaraí CCTV (TCI). Chomh maith le líníocht, ba chóir go mbeadh **MANA** i do phóstaer a léireoidh do mhic léinn do thuairimse faoi úsáid cheamaraí CCTV (TCI) sa bhaile ina bhfuil cónaí ort. (Tá leathanach bán curtha ar fáil le haghaidh an phóstaer ar chúl an fhreagarleabhair seo.) (6 mharc)

Cuir tic [ ✓ ] leis an gceist as Roinn 3 a bhfuil tú á freagairt, le do thoil.

C. 1

C. 2

C. 3

C. 4



**Chun an cheist ar an bPÓSTAER [C4 (c)] i Roinn 3, agus é sin amháin, a fhreagairt.**